C/2026/2661

12.5.2026

Fógra le haghaidh duine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2023/2135 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) 2023/2147 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht agus d'aistriú polaitiúil na Súdáine

(C/2026/2661)

Dírítear aird Algony Hamdan DAGALO MUSA (ar a dtugtar freisin AL-GONEY HAMDAN DAGALO), ar duine é a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/2135 ón gComhairle [1] agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2147 ón gComhairle [2] a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht agus d'aistriú polaitiúil na Súdáine, ar an bhfaisnéis seo a leanas.

An 28 Aibreán 2026, chuir Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe arna bhunú de bhun Rún 1591 (2005) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an duine thuasluaite le liosta na ndaoine aonair agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha. Tá an insint is bun leis an liostú sin ar fáil ar: Security Council 1591 Sanctions Committee Adds Four Entries to Its Sanctions List | UN Meetings Coverage and Press Releases,AL-GONEY HAMDAN DAGALO | Security Council.

I bhfianaise an mhéid thuas, tá sé beartaithe ag an gComhairle an duine thuasluaite a áireamh ar liostaí na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/450/CBES ón gComhairle [3] agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 747/2014 ón gComhairle [4], agus na hiontrálacha comhfhreagracha a scriosadh ón Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/2135 agus ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2147.

Ba cheart aon bharúlacha ba mhian leis an duine lena mbaineann a chur isteach faoin **26 Bealtaine 2026** chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

---

(1) IO L, 2023/2135, 11.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2135/oj.
(2) IO L, 2023/2147, 11.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2147/oj.
(3) IO L 203, 11.7.2014, lch. 106.
(4) IO L 203, 11.7.2014, lch. 1.